



TIONSCADAL GEOPHÁIRC

Dhúiche Sheoigheach & Lochanna an Iarthair

JOYCE COUNTRY & WESTERN LAKES GEOPARK PROJECT

EISIÚINT:

SAMHRADH 2021



1

Comhdháil 15 & 16 Meitheamh

AG FÉACHAINT SIAR AGUS AG FÉACHAINT ROMHAINN

Tá aiseolas iontach faighte againn maidir leis an gcomhdháil fhíorúil a bhí againn i lár mhí an Mheithimh 'Tabhair cuairt ar ár dTírdhreach Siosarnach'. Bhí 300 clárúchán againn, líon a bhí 50% níos mó ná an sprioc a chuireamar romhainn ar dtús agus d'fhreastail 225 ar an gcomhdháil sa deireadh. Mheall gach ceann de na seisiúin bheo níos mó ná 60 rannpháirtí. Ní nach ionadh gur mheall an seisiún Geopháirceanna agus Forbartha Inbhuanaithe an líon is mó rannpháirtithe agus bhí líon suntasach rannpháirtithe sna trí sheisiún eile - Táirgí áitiúla agus nasc le geolaíocht, Oidhreacht i réigiún JCWL, agus Turasóireacht agus gréasánú. Bhí an-tóir ar na ceardlanna, ar sheoladh na bhfíseán geolaíochta beochana agus ar an spás taispeántais do ghnólachtaí, do phobail agus d'eagraíochtaí eile chomh maith.

Sa chás gur chaill tú cuid d'imeachtaí na comhdhála, is féidir na réamhráite, na cuir i láithreacha réamhthairgeoir, na seisiúin beo Q&A, na ceardlanna agus na haonaigh pobail agus gnólachtaí áitiúla a fheiceáil ar ardán na comhdhála go dtí an 16 Iúil trí logáil isteach anseo <https://jcwlgopark.dealroomevents.com/>. Feicfidh tú cnaipe glas 'caith súil ar an bhfíseán réamhthairgeoir' in aice le gach seisiún agus má bhrúnn tú air seo beidh tú in ann féachaint ar an bhfíseán. Ón 16 Iúil, beidh tú in ann an t-ábhar céanna go léir maidir lenár dtionscadal a fheiceáil ar ár gcainéal YouTube - agus ar ár suíomh gréasáin.

A tourism
product is what
you buy

A tourism
experience is
what you
remember



Oiliúint gréasán gnó

CUIR EOLAS AR DO CHUSTAIMÉIRÍ AGUS BÍODH AR AN EOLAS FAOINA GCUID LUACHANNA

Is fíor gur féidir le gréasáin borradh a chur faoi chúrsaí gnó. Ach an bhfuil a fhios againn conas an leas is fearr a bhaint as na gréasáin atá againn? Bhí sé seo mar chroílár na hoiliúna a cuireadh ar fáil faoin tionscadal le déanaí, inar ghlac 20 gnólacht páirt inti ón réigiún geopháirc, oiliúint a chuir an comhairleoir turasóireachta Bane Mullarkey ar fáil.

Díríodh sna seisiúin ar idirdhealú an mhargaidh, ar straitéisí chun eolas a chur ar do chliaint agus ar a gcuid luachanna. Tugadh leideanna maidir leis na nithe a thaitníonn agus nach dtaitníonn le cuairteoirí baile agus le heachtrannaigh éagsúla. Spreagadh na rannpháirtithe sna seomraí ar leithligh chun gníomhaíochtaí agus cláir taistil a phleanáil is faoi mar is féidir le gnólachtaí aonair a dhéanamh chun a n-oiriúnacht leis na spriocmhargaí a léiriú ... sula dtagann na custaiméirí, agus iad anseo agus tar éis dóibh imeacht. Bhí smaointe ann maidir le tras-dhiól - conas a chinntiú go gcaithfidh an custaiméir níos mó airgid trí tháirge nó seirbhís a cheannach a bhaineann leis an méid atá á cheannach acu cheana féin. Thug an t-oiliúnóir faoi deara bearnaí eolais i measc na rannpháirtithe ar tháirgí agus ar conas an réigiún iomlán a thairiscint do spriocmhargaí éagsúla. Tá sé beartaithe againn tógáil a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta go dtí seo agus breis rannpháirtíochta a chothú i measc breis gnólachtaí amach anseo. Beidh breis eolais ar fáil go luath san fhómhar.

LE TEACHT GO LUATH

Oiliúint sa Mhargaíocht Dhigiteach

Cuirfear cúrsa gairid oiliúna ar fáil sa mhargaíocht dhigiteach agus sna meáin shóisialta go luath san fhómhar. Cuimseoidh an cúrsa conas cumarsáid a dhéanamh le custaiméirí, conas iad a mhealladh agus cur lena líon go héifeachtach chun an tionchar is fearr a imirt ar an ngnólacht. Díreofar chomh maith ar conas áit mhaith a bhaint amach ar shuíomh gréasáin ag príomhphointí cuardaigh, conas úsáid sonraí a thomhas agus a fheabhsú, agus conas is féidir leis na gnólachtaí cloí leis na prionsabail a bhaineann leis an gCairt Geopháirce atá mar bhonn agus mar thaca na hoiliúna gréasán gnó. Cuirfear tuilleadh sonraí ar fáil sna seachtainí atá amach romhainn.



Oiliúint do threoraithe turais

DUL CHUN CINN IONTACH DÉANTA GO DTÍ SEO

Tá an 21 duine atá rannpháirteach sa chúrsa treoraithe turais, cúrsa atá á mhaoiniú ag an tionscadal níos mó ná leath bealaigh tríd an gclár oiliúna. Bhí ar gach rannpháirtí cur i láthair gairid a dhéanamh agus bhí caighdeán, raon agus éagsúlacht ábhar na gcur i láthair ar fheabhas.

Chríochnaigh sé le cuairt allamuigh a cuireadh ar siúl i gcomhpháirt ag Benjamin Thébaudeau, geolaí tionscadail

agus Trish Walsh, Stiúrthóir Oiliúna agus Oideachais Allamuigh Petersburg. Leanfar leis an gcúrsa san fhómhar agus beidh sé dírithe ar scileanna treoraithe, seirbhís do chustaiméirí agus eispéiris turasóireachta a phleanáil. Tá turais allamuigh bhreise a thaispeánfaidh an réigiún agus an limistéar Geopháirce pleanáilte againn. Bhí tinreamh den scoth ann agus bhí fonn ar rannpháirtithe taithí óna gcúlraí éagsúla a roinnt agus a bheith ag foghlaim óna chéile.



Oiliúint fiseán don phobal

CONAS LÉIRIÚ A THABHAIRT AR SHAINGHNÉITHE POBAIL

Tugadh deis do gach pobal i réigiún na geopháirce tabhairt faoi oiliúint i ndearadh físeán bolscaireachta sular cuireadh tús leis an gcomhdháil i Meitheamh. Ghlac 20 duine ó 16 pobal páirt ann.

Chlúdaigh an t-oiliúinóir Hugh Sweeney topaicí éagsúla lenar áiríodh- taifead ar an nguthán/ar ceamara, conas caighdeán maith fuaime a fháil, buntreoracha maidir le soilsiú agus maidir le mionsonraí teicniúla eile mar gabháil “B-roll” d’agallamh, mall-ghluaiseacht, píosaí scannáin droín agus grafaicí gluaisne. Tugadh leideanna maidir le feidhmchláir shaor-earraí a úsáid chomh maith. Go gairid ina dhiaidh sin, chuir níos mó ná leath na rannpháirtithe físeán gairid isteach, físeán a chuir a bpobal chun cinn. Rinne an traenálaí iad a sheiceáil agus cuireadh in eagar agus uaslódáladh iad ar shuíomh gréasáin na comhdhála iad, áit a bhfanfaidh siad go dtí an 16 Iúil agus tá siad ar fáil freisin ar shuíomh gréasáin an tionscadail sna bailte aonair agus leathanaigh ghréasáin sráidbhailte (féach an chéad alt nuachtlitir thuas).

Cor Poist: Bileoigíní Eolais

AG ROINNT EOLAIS MAIDIR LE SMAoineAMH NA “GEOPHÁIRCE”



Margaí agus imeachtaí áitiúla

TÁ MÓRÁN LE DÉANAMH INÁR BPOBAIL BHEAGA

Ba cheart go mbeadh an bhileog (atá le feiceáil sa phictiúr) faighte ag tromlach na dtithe, na ngnólachtaí agus na gcomhairlí pobail atá lonnaithe i réigiún na geopháirce sa phost i mí na Bealtaine nó i mí an Mheithimh. Níl ann ach príomhphointí faoina bhfuil i gceist/nó nach bhfuil i gceist leis an nGeopháirc chun daoine áitiúla a chur ar an eolas faoi smaoinemh na geopháirce. Má tá tú féin nó do ghnó lonnaithe sa limistéar geopháirce ach nach bhfuair tú an bhileog eolais cuir é seo in iúl dúinn ag info@jcwlg geopark.ie

Tá margaí áitiúla faoi lán seoil arís i réigiún na geopháirce. Tá idir bhia áitiúil, cheardaíocht, shaothair ealaíne agus eile ar fáil ann. Tá eolas faoi amanna na margaí ag Baile an Róba, An Fhairche, Áth Cinn agus Uachtar Aird ar fáil ar Facebook. Is féidir súil a chaitheamh ar imeachtaí eile a bheidh ar siúl ar ár [suíomh gréasáin](#) – lena n-áirítear - Féile na Sléibhte (An Fhairche), Seachtain Oidhreacht, imeachtaí spóirt ghuaisbheartaíochta i réigiún chuan Chill Fhoibhrigh agus tuilleadh eile nach iad. Cuir ar an eolas, le do thoil, mura bhfuil cur síos ar d’imeacht pobail ar ár [suíomh gréasáin](#).

Ag taiscéalaíocht sa réigiún le meas

CUIR CEIST MÁ TÁ TÚ IN AMHRAS

Agus an tír ag athoscailt, tá teacht againn anois ar áilleacht uile na hÉireann agus sinn amuigh faoin aer agus inár réigiún go háirithe. Cuireann an Tionscadal Geopháirce deiseanna ar fáil chun taitneamh a bhaint as seal a chaitheamh lasmuigh faoin aer agus a léiríonn an tábhacht a bhaineann leis dár sláinte choirp, dár bhfolláine agus iniúchadh a dhéanamh ar ár n-oidhreacht gheolaíoch, nádúrtha agus chultúrtha. Ní féidir ach le húinéirí talún an rochtain seo a dheonú, áfach, agus is gá meas a léiriú dóibh.

Mar chomhpháirtí le 'Gan rian a fhágáil i do dhiaidh', cuirimid an cód iompair seo chun cinn go gníomhach maidir le rochtain a bheith ag duine ar an tuath, cód iompair a bhfuil achoimre air ina seacht bprionsabal. Cuimsíonn sé seo béim láidir ar chumarsáid a dhéanamh le húinéirí talún agus iad ag teacht ar ghnáthnós, ar mheas a léiriú d'ainmhithe feirme agus gan madraí a thabhairt isteach go ceantair íogaire, geataí atá le bheith ar oscailt a choimeád ar oscailt agus geataí dúnta a choimeád dúnta. Chomh maith leis seo, tá sé tábhachtach gan páirceáil ach in áit réasúnta nach gcuirfidh isteach ar an trácht. Tá sé mar aidhm ag Tionscadal Gheopháirce Dhúiche Sheoigheach agus Lochanna an Iarthair a bheith ina mhúnla do rochtain inbhuanaithe ardtailte in Éirinn.



Comhairliúcháin Phobail

BÍ AG FAIRE AMACH DÚINN I DO CHEANTAR



Chuir an phaindéim teorann leis an méid teagmhála a bhí tú in ann a dhéanamh le do choiste pobail le 15 mí anuas taobh amuigh de mhodhanna teagmhála ar líne (meáin shóisialta, ríomhphoist, suíomhanna gréasáin agus ar an ardán fíorúil). Cé gurbh fhearr an cur chuige seo ná gan aon teagmháil ar bith a bheith á déanamh againn, tá súil againn a bheith ar ais ar an bhfód agus a bheith in ann bualadh le daoine go físiúil arís leis an dul chun cinn atá déanta againn a roinnt leis an bpobal agus na deiseanna iontacha atá ann do phobail agus do ghnólachtaí áitiúla a chur ar a súile acu – ag brath ar threoracha sláinte poiblí. Bí ag faire amach dár bpreabmheirge leis an lógó suntasach – ba bhréa linn a bheith ag comhrá leat agus do chuid smaointe a chloisteáil.

Comhairliúcháin Áisíneachtaí

GARTHEAGMHÁIL LENÁR BPÁIRTITHE

Tá méadú tagtha ar an gcomhairliúchán a dhéanaimid le Comhairlí Contae na Gaillimhe agus Mhaigh Eo agus Údarás na Gaeltachta. Tá siad ina bpríomhpháirtí gníomhaireachta stáit i dtionscadal na geopháirce agus soláthraíonn siad tacaíocht chomhchineáil agus tacaíocht eile do ghníomhartha tionscadail éagsúla. Áiríodh sna cuir i láithreacha agus sna díospóireachtaí a rinneadh na grúpaí seo a leanas- Ceantar Bardasach Chaisleán an Bharraigh agus le Coiste Beartais na hEarnála Turasóireachta (CPS) i Maigh Eo, an

CPS um Fhorbairt Eacnamaíochta agus Fiontar i nGaillimh, agus oifigigh shinsearach in Údarás na Gaeltachta. Dhírigh na díospóireachtaí isteach ar a bhfuil bainte amach, ar na buntáistí atá ag teacht chun cinn, agus ar an mbealach chun tosaigh. Idir an dá linn, bíonn cruinnithe ráithiúla an Ghrúpa Stiúrtha Tionscadail ar siúl lena n-áirítear na trí ghníomhaireacht thuas, móide an phríomhghníomhaireacht tionscadail Suirbhé Geolaíochta Éireann in éineacht le Coillte agus Fáilte Éireann agus ionadaíocht thrasphobail ó JCWL GeoEnterprise.

Aighneachtaí – pleananna forbartha Contae

AN TÍRDHREACH POLASAITHE

Tá sé in am anois don obair ullmhúcháin do Phleananna Forbartha Contae do Chomhairlí Contae na Gaillimhe agus Mhaigh Eo. Is doiciméid polasaithe tábhachtacha iad seo a leagann síos an creatlach tacaíochta agus forbartha don chéad seacht mbliana eile atá le teacht. Tá aighneachtaí á ndéanamh ag Tionscadal Geopháirce JCWL ar an dá phlean contae seo le cinntiú go dtabharfar tosaíocht do bhunú Gheopháirce Dhomhanda UNESCO i nDúiche Sheoigheach agus i réigiún Lochanna an Iarthair.



Uasdátú Digiteach & An Suíomh Gréasáin

LIOSTÁLACHA, ÁBHAIR FOGHLAMA AGUS FÍSEÁIN

Bhíomar gnóthach agus sinn ag déanamh uasdátú ar ár liostaí cóiríochta gnó, mapa idirghníomhach agus leathanaigh foghlama. Tá curtha againn leis na físeáin a bhaineann le pointí spéise chun gur féidir leat tuilleadh a fhoghlaim mar gheall orthu. Tá teacht ar na físeáin maidir lenár mbailte agus sráidbhailte a chruthaigh na pobail iad féin. Caith súil ar na radhairc iontacha dróin. Tá seans ann go bhfaca tú cuid díbh seo cheana féin má d'fhreastail tú ar an gcomhdháil ar an 15 agus 16 Meitheamh. Mura raibh deis agat ceangal isteach leis an gcomhdháil sin, ná bí buartha mar beidh fáil ar na seisiúin agus na ceardlanna uile ar ár gcainéal YouTube ón 16 Iúil.



Tionscadal LIFE Lough Ceara

AN SOLAS GLAS DON TIONSCADAL €5M

Comhghairdeas le Cumann Dobharcheantar Loch Ceara agus páirtithe leasmhara eile as dámhachtain Thionscadal LIFE Loch Ceara a bhaint amach. Mairfidh an tionscadal LIFE ar feadh 5 bliana le buiséad gar do € 5 milliún. Is é a bheidh i gceist leis an bpróiseas ná clár fadtéarmach a chur le chéile do dhobharcheantar Loch Ceara agus an loch iontach marla seo a chosaint. Mar gheallsealbhóir i dTionscadal LIFE Loch Ceara, beidh an LCCA ag obair chun a chinntiú go mbeidh an tionchar dearfach a bhí ag tionscadail LIFE eile ar an timpeallacht áitiúil, mar a tharla i gcás **Burren LIFE** agus **Aran LIFE**. Tá an tionscadal á stiúradh ag Comhairle Contae Mhaigh Eo, arna ionadú ag Martin Keating (Ceann Comhshaoil, Athrú Aeráide, agus Talmhaíochta) agus tá baint ag na páirtithe leasmhara móra go léir le rannchuidiú suntasach ó Shuirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann.

An chéad sé mhí eile atá amach romhainn

TOSAÍOCHTAÍ AN TIONSCADAIL GO DTÍ NOLLAIG 2021



Rialtas
na hÉireann
Government
of Ireland

Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040



Geological Survey
Suirbhéireacht Gheolaíochta
Ireland | Éireann

Níl ach sé mhí fágtha den Tionscadal Gheopháirc Dhúiche Sheoigheach agus Lochanna an Iarthair, atá á mhaoiniú den chuid is mó ag an gCiste Athghiniúna agus Forbartha Tuaithe (Project Ireland 2040), le ranniocaíochtaí airgid tacaíochta ó Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann agus Údarás na Gaeltachta agus ranniocaíocht chomhchineáil ó CoCos, Coillte, Fáilte Ireland agus GeoEnterprise.

Ní mór aghaidh a thabhairt ar roinnt tosaíochtaí fós:

COMHARTHAÍOCHT

Tá an tionscadal tar éis roinnt geoshuíomhanna a aithint- láithreacha is féidir a úsáid chun scéalta geolaíochta agus scéalta gaolmhara na geopháirce a insint. Ba cheart go mbeadh ateangaireacht inrochtana acu ach d'fhéadfadh an léirmhíniú a bheith ina léirmhíniú digiteach ar aip nó ar shuíomh gréasáin, comhartha treorach nó struchtúr fisiceach cosúil le painéal. Tá an tionscadal i dteagmháil leis na comhlachtaí ábhartha maidir leis seo chun socrú a chomhaontú leo.

IARRATAS CHUIG UNESCO

Beidh an tionscadal ag cur iarratais isteach ar stádas Gheopháirc Dhomhanda UNESCO (UGG) i mí na Samhna 2021. Tógfaidh an próiseas measúnaithe thart ar 18 mí, mar sin ba chóir go mbeadh an toradh ar eolas againn i samhradh na bliana 2023. Ó dháta an iarratais beidh sí ag feidhmiú mar gheopháirc de facto go dtí go ndeonófar an stádas. Tabhair faoi deara freisin go gcaithfear stádas Gheopháirc Dhomhanda UNESCO a athnuachan gach ceithre bliana trí phróiseas measúnaithe lena chinntiú go bhfuil sé ag teacht le riachtanais UGG.



Copyright © 2021 Joyce Country & Western Lakes Geopark Project, All rights reserved.

You are receiving this email because you opted in via our community and business communication.

Our mailing address is:

**Joyce Country & Western Lakes Geopark Project
Thuar Mhic Éadaigh, Co. Mayo F12 D990, Ireland**

P: (+353) 094 900 0245

E: info@jcwlgeopark.ie

www.joycecountrygeoparkproject.ie | [@JCWLGeopark](https://www.instagram.com/JCWLGeopark)

Want to change how you receive these emails?
You can unsubscribe from this list by return email.